

Tintreach & Toirneach

Sa cheacht seo foghlaimoidh na daltaí na nithe seo a leanas:

1. Cad is brí le tintreach agus toirneach.
2. Conas fuaim a dhéanamh atá cosúil le toirneach.
3. Conas a oibríonn leictreachas statach (is é sin, conas a dhéantar luchtanna dearfacha agus diúltacha).

Toirneach

Is fuaim é toirneach a dhéantar mar thoradh ar thintreach.

Is féidir leis bheith ina phléascadh géar láidir nó ina thormán íseal.

Cruthaítear é toisc fairsingiú gasta an aeir mórthimpeall phlímp tintrí.

Tintreach

Is lucht leictreachais é tintreach a thaistealaíonn amach ó scamall toirní.

Cosúil le leictreachas, gluaiseann an phlímp tintrí ó dhiúltach go dearfach.

Cruthaíonn sé seo splanc.

Turgnamh 1: Conas a dhéantar toirneach

Na hábhair is gá don turgnamh:

Don turgnamh seo beidh gá leis na nithe seo a leanas:

- Mála donn páipéir

Modh:

1. Séid suas an mála donn páipéir go dtí go bhfuil sé lán.
2. Anois cas barr an mhála agus dún é.
3. Pléasc an mála go gasta tríd an mála a bhualadh idir do lámha .
4. Éist.



Toradh:

Déanann an mála torann!

Cén fáth a dtarlaíonn sé seo?

Nuair a bhuaileann tú an mála, comhbhrúnn an t-aer laistigh de go gasta.

Cuireann seo brú ar an mála.

Pléascann an mála agus brúitear an t-aer lasmuigh den mála.

Gluaiseann an t-aer ina thonn.

Nuair a shroicheann sé do chluas, cloiseann tú an fhuaim.

Conas atá sé seo cosúil le toirneach?

Déantar toirneach ar bhealach cosúil leis seo.

Nuair a tharlaíonn plimp tintrí, fairsingíonn an t-aer mórthimpeall air go gasta.

Cuireann seo brú ar an aer agus caithfidh an t-aer gluaiseacht amach.

Bogann an t-aer i dtonn.

Nuair a shroicheann an tonn seo do chluas, cloiseann tú toirneach.

Turgnamh 2: Conas a dhéantar tintreach?

Na hábhair is gá don turgnamh:

Don turgnamh seo beidh gá leis na nithe seo a leanas:

- Balún
- Liathróid olla
- Balla



Modh:

1. Séid suas an balún agus cuir snaidhm ann.
2. Ansin cuimil an balún go gasta leis an liathróid olla.
3. Ansin cuir an balún i gcoinne an bhalla agus scaoil leis.
4. Amharc ar cad a tharlaíonn.

Toradh

Greamaíonn an balún den bhalla.

Cén fáth a dtarlaíonn seo?

Nuair a dhéanann tú an balún a chuimilt, clúdaítear é le luchtanna diúltacha.

Tá lucht dearfach ag an mballa agus tá lucht diúltach ag an mbalún.

Meallann an lucht diúltach an lucht dearfach agus sin an chúis a gceanglaíonn sé den bhalla.

Meallann luchtanna contrártha a chéile!

Conas atá seo cosúil le tintreach?

Déantar tintreach ar bhealach cosúil.

Gluaiseann leictreachas ó dhiúltach go dearfach.

Éiríonn roinnt codanna de scamail lán le luchtanna diúltacha (cosúil le balún).

Tá luchtanna dearfacha ag an talamh (cosúil leis an mballa).

Má tá an difríocht idir an dá cheann mór go leor, meallfaidh an lucht dearfach an lucht diúltach.

Léimfidh splanc idir an scamall agus an talamh mar go meallann luchtanna contrártha a chéile.